Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10594 – SECURITAS / STANLEY SECURITY)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 134/10)

1. An 18 Márta 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Securitas AB ("Securitas", an tSualainn),

— Electronic Security Business of Stanley Black & Decker, Inc. ("Stanley Security", Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Securitas rialú aonair ar Stanley Security ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Securitas: is soláthraí seirbhísí slándála é a thairgeann seirbhísí i mbreis agus 40 tír. Tá sé gníomhach i soláthar réimse leathan seirbhísí slándála, lena n-áirítear foireann gardála, slándáil eitlíochta, gardáil leictreonach, faireachán aláraim agus freagairt, bainistíocht riosca chorparáidigh, seirbhísí dóiteáin agus seirbhísí eile amhail páirceáil agus oiliúint sláinte agus sábháilteachta;

— i gcás Stanley Security: is soláthraí seirbhísí slándála é a bhaineann le Stanley Group atá gníomhach go príomha sna Stáit Aontaithe agus in LEE, soláthraí atá ag tairiscint córais slándála le haghaidh gardála leictreonaí agus seirbhísí slándála leictreonaí gaolmhara mar shampla faireachán aláraim agus freagairt ar fud an domhain, chomh maith le pacáistí agus teicneolaíocht atá curtha in oiriúint d'earnáil an chúraim sláinte i Meiriceá Thuaidh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10594 – SECURITAS / STANLEY SECURITY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").